NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Drámaíocht

## Modúl Roghnach

Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

## Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach (CFL1SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht: Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea an Drámaíocht.

Modúl amháin atá sa Drámaíocht. Tá sé deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Drámaíocht | 60 |

## Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Is é is aidhm don mhodúl roghnach seo rannpháirteachas fisiciúil, céadfach agus mothúchánach an scoláire a fhorbairt agus tacú leis. Tríd an Drámaíocht ar Leibhéal 1, tacaítear leis an scoláire bheith rannpháirteach lena chuid nó a cuid smaointe, ábhar machnaimh, mothúchán agus eispéireas agus iad a fhiosrú agus a chur in iúl ar bhealaí briathartha agus neamhbhriathartha. Díríonn an Drámaíocht, laistigh de chomhthéacs an mhodúil seo, ar fhorbairt scileanna drámaíochta, spraoi, taibhithe agus gluaiseachta. Tacaíonn sí le forbairt scileanna cumarsáide agus sóisialta de réir mar a bhíonn deiseanna ag an scoláire bealaí malartacha a fhiosrú agus a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí fhuaim, geáitsíocht, léiriú agus gluaiseacht.

Féadfaidh drámaíocht cur le cumas an scoláire a fhorbairt le tabhairt faoi smaointeoireacht athláithritheach. Tugann sí cur chuige taobh tuathail amach i leith tuiscint shiombalach. Spreagtar an scoláire chun breathnú, cinntí a dhéanamh, tuar, fadhbanna a réiteach agus treoraítear é ina fhoghlaim ar an gcaoi a gcuirtear cruth ar bhrí agus an chaoi a gcuirtear in iúl í.

Trí bhealaí struchtúrtha agus taitneamhacha, neamhfhoirmiúla, praiticiúla, agus staideanna sa saol mar atá nó staideanna samhailteacha á n-úsáid, le drámaíocht tacaítear le scileanna idirbheartaíochta agus glactha sealaíochta an scoláire, a ullmhúchán do ghníomhaíochtaí laethúla chomh maith le hinniúlacht an scoláire chun freagairt do staideanna nua nó anaithnide. Tacaíonn an drámaíocht le braistint comhbhá a fhorbairt. Cuidíonn sé seo leis an scoláire ciall a bhaint as a dhomhan agus, ina dhiaidh sin, cuidíonn sé lena thuiscint ar a nádúr féin a fhorbairt, a chuirfidh chun cinn a fholláine mhothúchánach fhoriomlán.

Cuireann tacaíocht do thuiscint agus rannpháirteachas an scoláire leis an drámaíocht le príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa tsraith shinsearach. Trí phríomhinniúlachtaí a fhorbairt trí dheiseanna feadh na sraithe sinsearaí, tacaítear leis an bhfoghlaim uile sa chlár mar aon le forbairt scileanna saoil tábhachtacha. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé dul chun cinn i gconairí foghlama na sraithe sinsearaí agus a aistríonn sé chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl, cuirtear chun cinn foghlaim agus eispéiris an scoláire sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu.
Trí dhrámaíocht, tacaítear le príomhscileanna a fhorbairt agus a chur chun cinn, cosúil le cumarsáid a dhéanamh agus a bheith cruthaitheach. Tríd an drámaíocht, cuirtear chun cinn agus tacaítear le

foghlaim freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta trí eispéireas foghlama céadfach.

Tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a chuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, Amharc-ealaín, Ceol agus Cúram Pearsanta. Cuidíonn sé sin chun foghlaim feadh na sraithe sinsearaí a chur ar aghaidh agus a atreisiú. Tríd sin tacaítear leis an scoláire lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne don scoláire de réir mar a aistríonn sé chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Téarma uileghabhálach is ea drámaíocht do raon eispéiris agus gníomhaíochtaí foghlama ina n-áirítear gluaiseacht, aclaíocht, spraoi, cluichí grúpa, gothaí gnúise, gothaí láimhe, mím, insint jóc nó scéalaíocht, smaoineamh a chur in iúl, tobchumadóireacht[1], rólimirt, cleachtadh, ullmhú do ghníomhaíocht laethúil, insint shóisialta, cruthú scéil, gníomhaíochtaí céadfacha, seichimh aisteoireachta, dul i ngleic le scannáin, ceoldrámaí, puipéadóireacht nó amharclannaíocht. Féadfaidh an scoláire dul i ngleic le drámaíocht i bhfoirm seisiún gearr ina féidir leis an scoláire cluichí a imirt, jóc a insint, scéal a roinnt, ag forbairt scileanna cumarsáide de réir a chéile (ó bhéal nó go neamhbhriathartha), gluaiseacht agus samhlaíocht, nó trí sheisiúin níos faide, cosúil le dul i ngleic le taibhiú drámaíochta. Eispéireas pearsanta is ea an drámaíocht dó, áit a bhfuil sé in ann dul i ngleic agus cumarsáid a dhéanamh ar bhealach atá bríoch dó. Má bhaineann an scoláire úsáid as prapaí nó rólimirt féadfaidh sé mothúcháin agus dúshláin a chur in iúl nach bhfuil sé in ann a chur in iúl ó bhéal. Gné thábhachtach den drámaíocht is ea nathanna neamhbhriathartha, ina gcuirtear brí in iúl trí chomharthaíocht choirp, gothaí gnúise, rogha prapaí.

Trí theicnící léirithe éagsúla a mhúineadh don scoláire go sonrach amhail fuaim, modhnú gothaí, comharthaíocht choirp agus gothaí gnúise, forbróidh an scoláire a chumas chun mothúcháin, smaointe nó roghanna a chur in iúl. Cuirtear deiseanna ar fáil tríd an drámaíocht struchtúrtha chun gluaiseacht fhisiciúil agus chruthaitheach a dhéanamh agus d'fhéadfadh sí cur ar chumas an scoláire scileanna mínluaileacha agus scileanna gluaiseachta a fhorbairt. Foghlaimíonn an scoláire trí bheith ag bogadh, ag breathnú, ag cleachtadh, ag eagrú, ag taifeadadh, ag léirmhíniú agus ag tuar. Féadfaidh sé nó sí aithris a dhéanamh ar na scileanna sonracha a foghlaimíodh amhail teagmháil a thosú, breathnú sa tsúil, agus gothaí gnúise, spás agus gluaiseacht choirp a úsáid chun brí a chur in iúl.

Mar gheall gur féidir le Drámaíocht rannchuidiú le smaointeoireacht athláithritheach an scoláire, is féidir deiseanna a thabhairt don scoláire amhail féachaint ar bhall foirne nó piara bheith ina gcarachtar cur i gcéill nó féachaint ar a thimpeallacht choitianta agus míreanna laethúla ag glacadh le bríonna nua solúbtha; bord a bheith ina chlár iarnála, ina phluais nó ina leaba. Féadfaidh an scoláire ina dhiaidh sin a smaointe a fhorbairt agus a eagrú trí bheith páirteach i gruthú drámaíochta.

Beidh tacaíocht de dhíth ar an scoláire maidir leis an modh cumarsáide is fearr leis a fheileann dó féin. Cé gur cheart go bhfaigheadh an scoláire taithí ar go leor modhanna cumarsáide, ba cheart go gcuirfí ar a chumas cumarsáid a dhéanamh ar na bealaí is fearr a fheileann dó, chun cur lena chumas cumarsáideach. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis na tacaíochtaí áiseanna cumarsáide breisitheacha agus malartacha, amhail siombailí cabhartha, gléasanna scríofa, gléasanna leictreonacha, leideanna amhairc agus réad.

---

[1] Drámaíocht a chruthú ar an toirt is ea tobsmaointeoireacht.

# Modúl: Drámaíocht

## Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh an scoláire taithí, rachaidh sé i ngleic agus beidh sé rannpháirteach i gcineálacha éagsúla drámaíochta mar dhuine aonair agus/nó laistigh de ghrúpa. Cuirfidh an modúl seo eispéireas aeistéitiúil agus céadfach ar fáil den drámaíocht agus cuideoidh sé leis an scoláire bheith níos feasaí ar an drámaíocht ina shaol. Tacófar leis an scoláire chun a smaointe agus mothúcháin a shainaithint. Treorófar an scoláire chun go leor cineálacha gluaiseachta, cumarsáide agus féinléirithe a fhorbairt, tríd an drámaíocht.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Scileanna agus gnásanna drámaíochta**<br>Drámaíocht de gach cineál a shainaithint agus dul i ngleic léi chun féinléiriú a chumasú. Faigheann an scoláire taithí ar ghnásanna drámaíochta de réir mar a úsáideann sé fuaim, focail, gothaí, gluaiseacht choirp, spás agus gothaí gnúise le níos mó smachta agus muiníne. | a. Bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spraoi saora, struchtúrtha nó samhlaíocha<br>b. Gluaiseacht a chleachtadh laistigh de spás<br>c. Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gluaiseachta<br>d. A cholainn a bhogadh de réir crutha, luais nó méide chun brí a chur in iúl<br>e. Gothaí gnúise, comharthaíocht choirp, nó guth a roghnú chun mothúcháin a chur in iúl<br>f. Ról na fuaime, na ngothaí, an ghutha, na gluaiseachta nó an spáis sa drámaíocht a léiriú<br>g. Fuaim, gothaí gnúise, gothaí nó gluaiseacht a roghnú chun brí a chur in iúl<br>h. Fuaimeanna, guth nó gothaí gnúise a roghnú chun a ról agus a staid a léiriú i ndrámaíocht<br>i. Sealaíocht shimplí agus malartuithe sóisialta a léiriú |
| **Taibhiú drámaíochta**<br>Conas smaointe agus mothúcháin a fhorbairt agus a chur in iúl, ag forbairt ar a scileanna cumarsáide. Cruthaíonn an scoláire drámaíocht | j. Samplaí de dhrámaíocht ina shaol laethúil a fhiosrú<br>k. Taithí a fháil ar dhrámaíocht mar bhall den lucht féachana |

| | |
|---|---|
| le daoine eile agus cuireann in iúl sainroghanna agus rogha laistigh de dhrámaíocht. | l. Rannchuidiú le hullmhú drámaíochta trí phrapaí a láimhseáil, suíomh a roghnú nó stáitse a shocrú<br>m. Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le húsáid spáis agus prapaí cuidiú chun píosa drámaíochta a bhreisiú<br>n. Insintí sóisialta a chruthú do ghníomhaíochtaí laethúla<br>o. Scéal nó cás simplí a chruthú ag úsáid prapaí, leideanna ó bhéal nó leideanna eile.<br>p. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rólimeartha agus/nó buncharachtar a ghlacadh<br>q. Cásanna simplí a léiriú<br>r. Páirt a ghlacadh i bpíosa drámaíochta a chruthú agus a léiriú ar bhonn indibhidiúil nó i ngrúpa<br>s. Seichimh nó sleachta a chleachtadh agus a léiriú<br>t. Feistis agus prapaí le dul i gcion ar an lucht féachana sa drámaíocht a fhiosrú<br>u. Conas a úsáidtear ceol nó gluaiseacht i bpíosa drámaíochta le dul i gcion ar an lucht féachana a fhiosrú<br>v. Rogha do dhrámaíocht a chur in iúl<br>w. Roghanna d’fheistis, ceol, gluaiseacht agus prapaí a chur in iúl<br>x. Eispéireas pearsanta agus samhlaíocht a úsáid chun smaointe do dhrámaíocht a chur in iúl |

